# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2016

# LÉANN CLASAICEACH - GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 23 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 12.00

Tá ceisteanna anseo ar **dheich dtopaic**.
Tá na topaicí roinnte mar seo a leanas:
Topaicí 1 - 5 = **ROINN A** – An Saol Gréagach
Topaicí 6 - 10 = **ROINN B** – An Saol Rómhánach

Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **chúig thopaic**, mar leanas:
**dhá** thopaic as **ROINN A**;
**dhá** thopaic as **ROINN B**;
an **cúigiú** topaic as **ROINN A** nó **B**.

Tá 80 marc ag gabháil le gach topaic.
Marcanna iomlána don pháipéar = (80 × 5) = 400.

Na fótagraif a bhfuil gá leo chun roinnt de na ceisteanna a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

| **ROINN A – An Saol Gréagach** | **ROINN B – An Saol Rómhánach** |
|---|---|
| Topaic 1: Fraoch Aichill. | Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta. |
| Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs. | Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide. |
| Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas. | Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar. |
| Topaic 4: Micéiné agus an Traí. | Topaic 9: Cathair Rómhánach – Poimpé. |
| Topaic 5: Acrapoil na hAithne. | Topaic 10: An tArm Rómhánach. |



[Thall

# ROINN A

## An Saol Gréagach

**Topaic 1: Fraoch Aichill.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad is ciall le filíocht bhéil?

(ii) I Leabhar 1 den **Íliad**, cén fáth a bhfuil eagla ar Chalchas labhairt leis an gComhthionól?

(iii) Ainmnigh mac Eachtair.

(iv) Cé hé Automedon?

(v) Cén dia a choscann ar Phatroclus ballaí na Traí a dhreapadh?

(vi) I Leabhar 24 den **Íliad**, cén bréagriocht atá ar Heirméas nuair a chuirtear amach é chun cabhrú le Priam?

(24)

*(b)* (i) Cad is cúis leis an gcomhrac idir Agaiméamnón agus Aichill? (10)

(ii) Cén chaoi ar fhreagair Aichill do bhás Phatroclus? (8)

(iii) Cén bandia a chabhraíonn le hAichill nuair a bhíonn sé ag troid in aghaidh Eachtair? (6)

(iv) Cé acu is fearr leat, Eachtar nó Aichill? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 3 den **Íliad** agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Nuair a chonaic Páras diaga Meanalás ag teacht chun cinn trí na ranganna tosaigh, theip ar a chroí go huile is go hiomlán agus chúlaigh sé isteach ina mheitheal laochra féin d'fhonn an bás a sheachaint. Agus é cosúil le fear a fhaigheann amharc ar nathair nimhe in ailt choillteach agus a aisléimeann go géar, a ghlúine ar crith, agus a chúlaíonn, mílítheach, mar sin a d'imigh Páras diaga as radharc i measc sluaite móra na dTraíoch bródúil, ar scanraigh Meinealás, mac le hAitréas iad. Chonaic Eachtar é agus thug sé fogha glan soiléir faoi: 'A Pháras, mo náire thú, le do dhathúlacht iontach, ba chóir nár rugadh tú riamh, nó nár phós tú. Ba mhian liom go mór gurbh amhlaidh a bhí! Bheadh a leithéid i bhfad níos fearr ná tú a bheith i do chúis náire mar atá tú anois, gan muinín ag duine ar bith asat.'

(i) Cad é a rinne Páras nuair a chonaic sé Meinealás? (4)

(ii) Cén fáthscéal a úsáideann Hóiméar chun léiriú a thabhairt ar an gcaoi a mhothaigh Páras? (6)

(iii) An fáthscéal éifeachtach é, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (6)

(iv) Ón staidéar atá déanta agat ar an **Íliad,** meas tú cén fáth a gceapann Eachtar gur cúis náire é Páras? (8)

**(80 marc)**

**Topaic 2: An Ghréig agus An Pheirs.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cérbh iad na Neacha Buana?

(ii) Cén cineál saighdiúra a dtaispeántar i bhfótagraf **1** ar Pháipéar **X**?

(iii) Cén fáth a ndearna na Spartaigh moill i gcabhair a chur chuig na hAithnigh in Maratón?

(iv) Cé hé a d'áitigh ar na hAithnigh a gcabhlach a neartú nuair a fuair siad suim mhór airgid gan coinne as na mianaigh airgid in Laurium?

(v) Cé hé a bhí i gceannas ar arm na Gréige ag cath Plataea in 479 R.Ch?

(vi) Cérbh é Mardonius?

(24)

*(b)* (i) Cén chomhairle a chuir an Bhanríon Airtimisia ar Xeirxéas roimh Chath Salamas? (8)

(ii) Cén chaoi ar chuir Teimisticléas cluain ar na Peirsigh comhrac a dhéanamh in Salamas? (8)

(iii) Cad é a rinne an Bhanríon Airtimisia le linn an chatha? (8)

(iv) Cad é a rinne cabhlach na Peirse i ndiaidh an chatha? (8)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas as **Na Startha** le Héaradatas, ina ndéantar cur síos ar a tharla nuair a bhí Sardis gafa. Freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Bhí na hIónaigh i bhfad ón Sardis cheana féin ach tháinig na Peirsigh suas leo in Eifeasas agus fuair siad an lámh in uachtar orthu. Is iomaí Iónach cáiliúil a bhí i measc leo siúd a fuair bás. Scaip iad siúd a d'éiligh agus chuaigh siad ar ais chuig a gcathracha. Ina dhiaidh sin, thréigh na hAithnigh na hIónaigh go huile is go hiomlán in ainneoin impí Aristagoras, ach lean na hIónaigh leis an gcogadh chomh tréan is a bhí riamh. Bhí siad ró dhomhain ann chun éirí as ag an bpointe sin. Cuireadh an scéal in iúl don Rí Dáirias gur ghabh na hAithnigh agus na hIónaigh Sardis agus gur dhóigh siad é. Deirtear nach raibh imní ar bith air faoi na hIónaigh nuair a chuala sé é seo ar dtús. Bhí a fhios aige nach n-éalóidis ón bpionós mar gheall ar a réabhlóid ach d'fhiafraigh sé cérbh iad na hAithnigh. Nuair a fuair sé amach cérbh iad, d'iarr sé a bhogha a thabhairt dó. Thóg sé é, chuir sé saighead ar an sreang agus scaoil sé é isteach sa spéir agus ghuigh sé fad a bhí sé ag eitilt, 'A Shéas, tabhair díoltas dom as na hAithnigh.' Ansin thug sé ordú do dhuine amháin dá sheirbhísigh a rá leis trí huaire ag gach béile, 'A Thiarna, cuimhnigh ar na hAithnigh.'

(i) Ón léamh atá déanta agat ar an sliocht seo tabhair míniú ar a tharla do na hIónaigh nuair a d'imigh siad as Sardis. (6)

(ii) Cad é a bheartaigh na hAithnigh a dhéanamh ansin? (6)

(iii) Cén fáth nach raibh imní ar an Rí Dáirias faoi na hIónaigh? (6)

(iv) Cén chaoi ar fhreagair sé do rannphairtíocht na n-Aithneach sa chogadh in aghaidh Sardis? (6)

**(80 marc)**

**Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén chéad inar rugadh Sócraitéas?

(ii) Cérbh é Evenos de Paros?

(iii) Cad a tugadh ar stíl cheistiúcháin Shócraitéas?

(iv) Ainmnigh ceann **amháin** de na háiteanna a raibh Sócraitéas ar seirbhís ann mar shaighdiúir.

(v) Cén fáth nach raibh Platón i láthair nuair a fuair Sócraitéas bás?

(vi) Cén fáth nár ceadaíodh do Shócraitéas deoch ofrála a dhéanamh as an gcupán himlice? (24)

*(b)* (i) Ainmnigh **beirt** de chúiseoirí Shocraitéas. (8)

(ii) Cérbh iad an **dá** chúiseamh a cuireadh ar Shócraitéas sa triail? (8)

(iii) Cad a dúirt Sócraitéas ar chóir a thabhairt dó in ionad phionós an bháis? (8)

(iv) Cén rud faoi Shócraitéas is mó a bhfuil meas agat air? (8)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas as **Críotó** le Platón agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**CRÍOTÓ:** Ach éist, a Shocraitéas, níl sé ró-dhéanach fós glacadh le mo chomhairle agus éalú. Ciallaíonn do bhás tubaiste dhúbailte dom: seachas cara a chailliúint, nach féidir riamh duine eile a chur ina áit, beidh an fhadhb bhreise seo agam, maidir le roinnt mhaith daoine nach bhfuil aithne mhaith acu orm ná ort, measfaidh siad gur lig mé síos thú, agus déarfaidh siad go bhféadfainn tú a shábháil dá mbeinn sásta an t-airgead a chaitheamh. Cad é a fhéadfadh a bheith níos náirí ná clú a fháil as smaoineamh níos mó ar airgead ná ar do chairde? Ní chreidfidh formhór na ndaoine riamh gurbh é tusa a dhiúltaigh an áit seo a fhágáil nuair a rinneamar ár seacht ndícheall áitiú ort é sin a dhéanamh.
**SÓCRAITÉAS:** Ach, a Chríotó, a stór, cén fáth ar chóir dúinn an méid sin airde a thabhairt ar pé rud a mheasann 'formhór na ndaoine'? Creidfidh na daoine is ciallmhaire, ar cheart dóibh a bheith san áireamh, go ndearnadh gach rud díreach mar a rinneadh.
**CRÍOTÓ:** Díreach mar is féidir leat é a fheiceáil duit féin, a Shócraitéas, caithfidh duine an tuairim choitianta a choimeád i gcuimhne chomh maith. Is leor na cúinsí faoi láthair le taispeáint nach bhfuil cumas na ngnáthdhaoine chun dochar a dhéanamh duit teoranta do rudaí beaga, ach nach bhfuil teorainn ar bith leis an gcumas sin má fhaigheann tú riamh droch-cháil leo.

(i) Dar le Ctíotó, cén fáth a mbeadh bás Shócraitéas ina 'tubaiste dhúbailte dom'? (6)

(ii) Cén dearcadh atá ag Sócraitéas maidir le cad a mheasann 'formhór na ndaoine'? (6)

(iii) Cén ráiteas a thugann Críotó ar chumas na ngnáthdhaoine? (6)

(iv) An aontaíonn tú le cinneadh Shócraitéas fanacht agus aghaidh a thabhairt ar an mbás? Tabhair cúis le do fhreagra. (6)

**(80 marc)**

**Topaic 4: Micéiné agus An Traí.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad a thugtar ar na huirlisí troda cosanta a léirítear i bhFótagraf **2** ar Pháipéar **X**?

(ii) Cad atá á léiriú i bhFótagraf **3** ar Pháipéar **X**?

(iii) Cén bhaint a bhí idir an bandia Eris agus Cogadh na Traí?

(iv) Déan cur síos ar shloc-uaigh nó déan sceitse de shloc-uaigh.

(v) Cá háit a raibh cónaí ar Neastór?

(vi) Cá háit a raibh baile dhúchais Odaiséas?

(24)

*(b)* (i) Cad a dúirt Heinrich Schliemann a thug air spéis a chur sa Traí nuair ba pháiste é? (8)

(ii) Cén fáth ar tugadh Ballaí Cioclópacha ar bhallaí Mhícéiné? (8)

(iii) Cad é a tharla do Agaiméamnón nuair a tháinig sé ar ais abhaile chuig an Mhicéiné? (8)

(iv) Cén chaoi a bhfuair an Rí Priam bás? (8)

*(c)* (i) Cén déantúsán atá á léiriú i bhFotagraf **4** ar Pháipéar **X**? (6)

(ii) Cén cineál eolais a thugann na déantúsáin seo dúinn ar an Domhan Micéinéach? (6)

(iii) Mínigh conas mar a caomhnaíodh na déantúsáin seo le linn 3000 bliain agus níos mó. (6)

(iv) Cé hé a d'aimsigh conas an scríbhneoireacht ar na déantúsáin seo a léamh? (6)

**(80 marc)**

**Topaic 5: Acrapoil na hAithne.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cérbh é ailtire Theampall Aitéiné Nícé?

(ii) Cad is Cairiatid ann?

(iii) Cad is ciall leis an bhfocal Acrapoil?

(iv) Cén pháirt a ghlac Aristeides i Léig Dhéileas?

(v) Cén chaoi a bhfuair Peiricléas bás?

(vi) Cad é a tharla don Phartanón in 1687?

(24)

*(b)* (i) Cé acu an Teampall Dórach nó an Teampall Iónach é an Partanón?
Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(ii) Déan staidéar ar Fhótagraf **5** ar Pháipéar **X** ina léirítear dealbhóireacht as Fríos an Phartanóin. An aontaíonn tú go bhfuil dealbhú na bhfíoracha an-mhaith?
Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(iii) Cén chaoi a bhfuil baint ag an Tiarna Elgin leis na foirgnimh ar an Acrapoil? (8)

(iv) Cén t-ainm atá ar an ngeata ag an mbealach isteach chuig an Acrapoil? (8)

*(c)* Déan staidéar ar Fhótagraf **6** ar Pháipéar **X** ina léirítear atógáil na dealbhóireachta ar dhá pheidiméid an Phartanóin.

(i) Baineann **Peidiméid A** le hAitéiné agus í á roghnú ina bandia pátrúin ar an Aithin.
Déan cur síos ar conas a tharla sé sin. (6)

(ii) Baineann **Peidiméid B** le breith neamhghnách Aitéiné.
Cad é a bhí neamhghnách faoi bhreith Aitéiné? (6)

(iii) Déan staidéar ar dhealbh Aitéiné a léirítear i bhfótagraf **7** ar Pháipéar **X**.
Cé na hábhair as a ndearnadh an dealbh? (6)

(iv) Ainmnigh an fear atá freagrach as an dealbh seo a dhéanamh. (6)

**(80 marc)**

## ROINN B

## An Saol Rómhánach

**Topaic 6: Aéinéas ar a Shiúlta.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Tabhair cúis **amháin** nár thaitin na Traígh le hIúnó.

(ii) Cén fáth a raibh fearg ar Neiptiún le hAeólas?

(iii) Cérbh é Sychaeus?

(iv) Cad é a tharlaíonn nuair a fhéachann Aeinéas agus a chuid fear le Cassandra a thabhairt slán?

(v) Cén fáth nach maraíonn Aeinéas Héilin?

(vi) Cén fáth nár thug Carón cead do na spioraid ar fad abhainn An Stiocs a thrasnú? (24)

*(b)* (i) In Leabhar 1 den **Aeinéid**, conas mar a thóg Véineas ar Dhíodó titim i ngrá le hAeinéas? (8)

(ii) Ainmnigh deirfiúr Dhíodo. Cén chomhairle a chuir sí ar Dhíodó? (8)

(iii) Cad é a rinne Díodó nuair a d'fhéach Aeinéas le labhairt léi sa Domhan Thíos? (8)

(iv) An bhfuil trua agat le Díodo? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 10 den **Aeinéid** agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh. Cuireann Aeinéas a mheas ar a namhaid Lausus in iúl sa sliocht.

Ach nuair a chonaic Aeinéas aghaidh Lausus agus é ag fáil bháis, tháinig geonáil óna chroí le trua agus shín sé amach a lámh, nuair a tháinig chun cuimhne smaoineamh faoina ghrá dílis dá athair agus dúirt sé: 'Cad é a thabharfaidh Aeinéas cráifeach anois chun misneach dá leithéid a mhaitseáil? Cén bronntanas a fhéadaim a thabhairt a thuillfidh croí dod leithéidse? Tóg leat do chuid armúir a thug an méid sin pléisiúir duit! Anois seolaim ar ais thú chuig scáileanna agus chuig luaithreach do shinsear, más sólás ar bith duit é sin. Agus mí-ádh ort, gheobhaidh tú sólás amháin as do bhás cruálach, is é sin gurbh é lámh Aeinéas mór ba chúis le do thurnamh.'
Leis sin, d'iompaigh sé ar chomrádaithe Lausus, agus feannadh á thabhairt dóibh fad a chroch siad siar, le linn dó Lausus a phiocadh suas ón talamh, áit a raibh a chuid gruaige a bhí saothraithe go cúramach, á salú aige le fuil.

(i) Dar leis an sliocht, cad é a thógann ar Aeinéas trua a dhéanamh le Lausus? (6)

(ii) Cén t-ainm a bhí ar athair Aeinéas? (4)

(iii) Cén sólás atá ag Lausus ag móimint a bháis dar le hAeinéas? (6)

(iv) Agus an fhianaise sa sliocht seo amháin á húsáid agat, cén tuairim atá agat de Aeinéas? (8)

**(80 marc)**

**Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide: An Saighdiúir Maíteach.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén bhliain díobh seo a leanas ar scríobh Plautus a chuid drámaí, creidtear?
1200 R.Ch; 200 R.Ch; AD 200

(ii) Cé léi ar lig Acroteleutium air go raibh sé pósta?

(iii) "Ar mo sheans a tharla gur fhéach mé síos isteach i gclós an tí béal dorais; agus is ann a bhí Philocomasium, le hógánach neamhaitheanta agus a lámha timpeall air agus é á phógadh!" Ainmnigh an t-ógánach a bhí á phógadh ag Philocomasium.

(iv) Cé hé Cario?

(v) Cén fáth a mbíonn ainmneacha Gréagacha de ghnách ar na carachtair i ndrámaí Phlautus?

(vi) "Ní raibh an tsaint ionam ó dhúchas riamh, tá dóthain saibhris agam; tá níos mó ná míle peic de Fhilipicí órga i mo sheilbh agam." Cé hé a dúirt na focail sin?

(24)

*(b)* (i) Cé hé Pyrgopolynices? (8)

(ii) Conas a tharla go raibh cónaí ar Philocomasium ina theach? (8)

(iii) I do thuairim, cén carachtar a mbaineann an mhealltacht is mó leis in **An Saighdiúir Maíteach**? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(iv) Cad é a tharlaíonn do Pyrgopolynices ag deireadh an dráma? (8)

*(c)* (i) Sa choiméide Rómhánach cad ba ea seachfhocal? (6)

(ii) Déan staidéar ar Fhótagraf **8** ar Pháipéar **X**. Cad a thug na Rómhánaigh ar an achar a bhfuil lipéadú **A** air? (6)

(iii) Cad is carachtar buanchrutha ann? Tabhair sampla **amháin** de charachtar buanchrutha as **An Saighdiúir Maíteach**. (6)

(iv) Sa dráma **An Saighdiúir Maíteach** cad dó a seasann an fearas stáitse? (6)

**(80 marc)**

**Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cérbh í máthair Chaesair?

(ii) Cén fáth a ndearna Sulla coigistiú ar spré Cornelia, bean chéile Chaesair?

(iii) Cén chaoi ar chuir Caesar pionós ar na píoráidí a d'fhuadaigh é níos luaithe?

(iv) Cén fáth ar phléasc an gol ar Chaesar nuair a bhí stair Alastair Mhóir á léamh aige?

(v) Conas a d'fhreagair na seanadóirí do bhás Chaesair díreach ina dhiaidh?

(vi) "Tar éis gur briseadh air ag Filipe mharaigh sé é féin leis an miodóg cheanann chéanna agus a d'úsáid sé in aghaidh Chaesair." Ainmnigh an duine a mharaigh é féin.

(24)

*(b)* (i) Cén gaol pósta a bhí idir Caesar agus Poimpéas? (8)

(ii) Ainmnigh an fear ba shaibhre sa Róimh a rialaigh in éineacht le Caesar agus Poimpéas. (8)

(iii) Conas a d'fhreagair Caesar dó nuair a thug Theodotus cloigeann Phoimpéis dó san Éigipt? (8)

(iv) Scríobh nóta gairid ar ghné **amháin** de charachtar Cheasair a bhfuil meas agat uirthi. (8)

*(c)* Léigh an sliocht seo a leanas as **An Dáréag Caesar** le Séatóinias agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Is é a thóg ar na Rómhánaigh gráin a bheith acu ar Chaesar leis an oiread sin seirbhe ná nár sheas sé suas chun beannú rompu lá amháin nuair a tháinig an Seanad iomlán isteach san áit ar shuigh sé os comhair Theampaill Véinís agus liosta taibhseach tugtha leo de na honóracha a bhí siad díreach i ndiaidh vótáil dó. Dar le roinnt tuairiscí, bheadh sé ina sheasamh ach gur chosc Balbus é; dar le tuairiscí eile, ní dhearna sé gluaiseacht ar bith agus chuir sé strainc air le fearg roimh Trebatius a mhol an chuirtéis sin dó. D'éirigh an cás níos measa mar cuireadh iompar Chaesair le linn cheann dá chaithréimeanna i gcuimhne do na seanadóirí. Chuaigh sé ag marcaíocht taobh thall de na binsí a cuireadh in áirithe do threabhainn na ndaoine, agus gháir sé 'Hóigh, a Phontius Aquila an treabhann! Ar mhian leat go ndéanfainn an Phoblacht a thabhairt ar ais?' Le roinnt laethanta i ndiaidh na heachtra sin chuir sé na focail seo le gach a scríobh sé: 'Le caoinchead Phontius Aquila.'

(i) Dar le Séatóinias, cad é a theip ar Chaesar déanamh a thóg ar na Rómhánaigh fuath a thabhairt dó leis an oiread sin seirbhe? (6)

(ii) Cén dá chuntas contrártha a luann Séatóinias maidir le hiompar Chaesair sa Seanad? (6)

(iii) Cé na gníomhaíochtaí níos luaithe de chuid Chaesair a chuir leis an bhfearg a mhothaigh na Rómhánaigh? (6)

(iv) Bunaithe ar a bhfuil léite agat den sliocht seo, cén tuairim atá agat de Chaesar? (6)

**(80 marc)**

**Topaic 9: Cathair Rómhánach - Poimpé.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Ainmigh an chéad treibh daoine a raibh cónaí orthu i bPoimpé.

(ii) Ainmnigh an dia a léirítear i bhFótagraf **9** ar Pháipéar **X**.

(iii) Ainmnigh cineál **amháin** Gliaire a léirítear i bhFótagraf **10** ar Pháipéar **X**.

(iv) Cad ab ea an Macellum?

(v) Cad é a rinne na duovirs?

(vi) Cé hí an bandia a chosain geataí Phoimpé?

(24)

*(b)* (i) Cén fheidhm a bhíodh le *triclinium* i dteach Rómhánach? (8)

(ii) Ainmnigh **dhá** sheomra eile i dteach Rómhánach agus mínigh cén fheidhm a bhíodh leo. (8)

(iii) Cad is *impluvium* ann i dteach Rómhánach? (8)

(iv) Cad is *lararium* ann i dteach Rómhánach? (8)

*(c)* (i) Mínigh cén fheidhm a bhíodh le **ceithre cinn** de na láithreacha seo a leanas sna Folcadáin Rómhánacha.

*apodyterium; caldarium; frigidarium; palaestra; tepidarium,* (8)

(ii) Ainmnigh **dhá cheann** de na tithe folcadáin sa Phoimpé. (6)

(iii) Cad atá á léiriú i bhFótagraf **11** ar Pháipéar **X**? Mínigh conas mar a d'oibrigh sé. (6)

(iv) Cén fáth a n-úsáidfí strigil sna Folcadáin Rómhánacha? (4)

**(80 marc)**

**Topaic 10: An tArm Rómhánach.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad ba leagáid ann?

(ii) Cad é a tharla nuair a rinneadh deachú?

(iii) Féach ar Fhótagraf **12** ar Pháipéar **X**. Ainmnigh **dhá** ghné chosantacha a bhain le clogad léigiúnach dá leithéid.

(iv) Cén obair a rinne an Maor Campa *(praefectus castrorum)*?

(v) Cén foirgneamh a bhíodh ina sheasamh de ghnáth i lár dúin de chuid an Airm Rómhánaigh?

(vi) Cé mhéad fear a bhíodh i gcohórt?

(24)

*(b)* Tá léigiún Rómhánach tar éis bhaile mór de chuid an namhad a thimpeallú agus tá na Rómhánaigh ag ullmhú chun ionsaí a dhéanamh.

(i) Cén chaoi a ndéanfadh na Rómhánaigh ullmhúchán le haghaidh an léigir? (8)

(ii) Tabhair **dhá** shampla de na bealaí a bhféadfadh lucht an bhaile iad féin a chosaint. (8)

(iii) Scríobh cuntas achomair ar an gcaoi a ngabhann na Rómhánaigh an baile mór. (16)

*(c)* Féach ar Fhótagraf **13** ar Pháipéar **X** ina léirítear Taoiseach Céid Rómhánach. Deán staidéar ar an bhfótagraf agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ón bhfótagraf conas is féidir leat a rá gur Taoiseach Céid atá ann? (8)

(ii) Cé mhéid saighdiúir a bhí faoi cheannas ag an Taoiseach Céid? (4)

(iii) Mínigh cá háit i ndún Rómhánach a mbeadh cónaí ar an Taoiseach Céid. (6)

(iv) Cén fáth arbh oifigeach tábhachtach é an Taoiseach Céid san Arm Rómhánach, dar leat? (6)

**(80 marc)**

LEATHANACH BÁN